Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Meitheamh 2023**
**(OR. en)**

**10411/23**
**ADD 1**

**AG 48**
**INST 209**
**JAI 822**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 8 Meitheamh 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 311 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN 1 a ghabhann leis an TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE EORPACH, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG CÚIRT BHREITHIÚNAIS AN AONTAIS EORPAIGH, CHUIG AN mBANC CEANNAIS EORPACH, CHUIG CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN<br>Togra le haghaidh comhlacht eitice idirinstitiúideach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 311 final, Iarscríbhinn 1.

---

Faoi iamh: COM(2023) 311 final, Iarscríbhinn 1

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.6.2023
COM(2023) 311 final

ANNEX 1

# IARSCRÍBHINN

*a ghabhann leis an*

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE EORPACH, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG CÚIRT BHREITHIÚNAIS AN AONTAIS EORPAIGH, CHUIG AN mBANC CEANNAIS EORPACH, CHUIG CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**Togra le haghaidh comhlacht eitice idirinstitiúideach**

## IARSCRÍBHINN

Togra le haghaidh

**comhaontú idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle Eorpach, an Chomhairle, an Coimisiún Eorpach, Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, an Banc Ceannais Eorpach, an Chúirt Iniúchóirí, an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus Coiste na Réigiún, lena mbunaítear Comhlacht Idirinstitiúideach do Chaighdeáin Eiticiúla do Chomhaltaí na nInstitiúidí agus na gcomhlachtaí comhairleacha a luaitear in Airteagal 13 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE)**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

Foráiltear le hAirteagal 13(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) go mbeidh 'creat institiúideach ag an Aontas Eorpach a mbeidh sé d'aidhm aige a luachanna a chur chun cinn, a chuspóirí a chur ar aghaidh, fónamh dá leasanna, do leasanna a shaoránach agus leasanna na mBallstát, agus comhchuibheas, éifeachtacht agus leanúnachas a chuid beartas agus gníomhaíochtaí a áirithiú'.

Ní mór do na hinstitiúidí Eorpacha, ina misin faoi seach, brath ar iompar dosháraithe a gcomhaltaí. Ní mór do na comhaltaí cloí leis na prionsabail eiticiúla agus leis na hoibleagáidí eiticiúla atá ar chomhaltaí aonair na n-institiúidí a leagtar amach i gConarthaí an Aontais Eorpaigh agus leis na rialacha a eascraíonn as na rialacha sin.

Ionas go mbeidh iontaoibh ag saoránaigh an Aontais ina n-ionadaithe daonlathacha sna hinstitiúidí Eorpacha agus i bhfeidhmiú na n-institiúidí, ní mór do chomhaltaí na n-institiúidí na caighdeáin is airde neamhspleáchais agus ionracais a chomhlíonadh.

Bunaítear leis na Conarthaí oibleagáidí do chomhaltaí fhormhór na n-institiúidí agus sanntar freagrachtaí chun iompar cuí chomhaltaí na n-institiúidí a áirithiú maidir le neamhspleáchas agus ionracas chomhaltaí na n-institiúidí. Áirithítear leis an gcothromaíocht institiúideach a bhunaítear leis na Conarthaí srianta agus ceartúcháin idir na hinstitiúidí. Go háirithe, bunaíodh nósanna imeachta leis na Conarthaí lenar féidir freagairt do mhí-iompar chomhaltaí aonair na n-institiúidí. Roghnaigh formhór na n-institiúidí an creat sin agus na hoibleagáidí aonair comhfhreagracha a chur chun feidhme ar bhealach níos mionsonraithe, ina rialacha nós imeachta nó i gCóid Iompair dá gcomhaltaí. Is iad seo a leanas na forálacha ábhartha:

<u>Parlaimint na hEorpa</u>

Ní bhunaítear leis na Conarthaí oibleagáidí eitice follasacha Feisirí de Pharlaimint na hEorpa ná rialacha nó nósanna imeachta sainráite atá le leanúint i gcás mí-iompar eiticiúil comhalta ar leibhéal AE. Tá rialacha leagtha síos ag an bParlaimint i gCód Iompair d'Fheisirí Pharlaimint na hEorpa atá ag gabháil lena Rialacha Nós Imeachta. Foráiltear le hAirteagal 8 den Chód Iompair d'Fheisirí Pharlaimint na hEorpa maidir leis an nós imeachta i gcás sáruithe féideartha ar an gCód Iompair:

*1. I gcás ina bhfuil cúis lena mheas go bhféadfadh an Cód Iompair a bheith sáraithe ag Feisire de chuid Pharlaimint na hEorpa, déanfaidh an tUachtarán an t-ábhar a chur faoi bhráid an Choiste Chomhairligh, seachas i gcásanna cráiteacha soiléire.*

*2. Scrúdóidh an Coiste Comhairleach imthosca an tsáraithe líomhnaithe agus féadfaidh sé éisteacht a thabhairt don Fheisire lena mbaineann. Bunaithe ar thátail a thorthaí, déanfaidh sé moladh don Uachtarán maidir le cinneadh féideartha.*

*I gcás sárú líomhnaithe a bheith déanta ag buanchomhalta nó ag comhalta cúltaca den Choiste Comhairleach ar an gCód Iompair seo, staonfaidh an comhalta nó an comhalta cúltaca ábhartha ó pháirt a ghlacadh in imeachtaí an Choiste Chomhairligh maidir leis an sárú líomhnaithe sin*

*3. Más rud é, agus an moladh sin á chur san áireamh aige agus tar éis dó cuireadh a thabhairt don Chomhalta lena mbaineann a chuid barúlacha i scríbhinn a thíolacadh, go gcinneann an tUachtarán go bhfuil an Cód Iompair sáraithe ag an bhFeisire lena mbaineann, déanfaidh sé, tar éis éisteacht a thabhairt don Fheisire lena mbaineann, cinneadh réasúnaithe a ghlacadh lena leagfar síos pionós. Cuirfidh an tUachtarán fógra i leith an chinnidh réasúnaithe ar fáil don Fheisire sin.*

*D'fhéadfadh ceann amháin nó níos mó de na bearta a liostaítear i Riail 176(4) go (6) de na Rialacha Nós Imeachta a bheith i gceist leis an bpionós.*

*4. Beidh rochtain ar na nósanna imeachta maidir le hachomharc inmheánach a shainítear i Riail 177 de na Rialacha Nós Imeachta ag an bhFeisire lena mbaineann.*

Riail 176(4) go (6) dá Rialacha Nós Imeachta — Pionóis

*4. D'fhéadfadh ceann amháin nó níos mó de na bearta seo a leanas a bheith i gceist leis an bpionós:*

- *(a) iomardú;*
- *(b) an teidlíocht ar liúntas cothaithe laethúil a fhorghéilleadh ar feadh tréimhse idir dhá lá agus tríocha lá;*
- *(c) gan dochar don cheart chun vótáil i suí iomlánach, agus, sa chás seo, faoi réir dianchomhlíonadh chaighdeáin iompair na bhFeisirí, fionraí shealadach ó rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí uile na Parlaiminte nó i gcuid díobh ar feadh tréimhse idir dhá lá agus tríocha lá ar a dtagann an Pharlaimint nó aon cheann dá comhlachtaí, dá coistí nó dá toscaireachtaí le chéile;*
- *(d) toirmeasc ar an bhFeisire ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na Parlaiminte ar thoscaireacht idirpharlaiminteach, ar chomhdháil idirpharlaiminteach nó ar aon fhóram idirinstitiúideach, ar feadh tréimhse suas le bliain amháin;*
- *(e) i gcás sárú rúndachta, teorannú ar na cearta chun rochtain a fháil ar fhaisnéis rúnda nó rúnaicmithe ar feadh tréimhse suas le bliain amháin.*

*5. Féadfar na bearta a leagtar síos i bpointe (b) go pointe (e) de mhír 4 a mhéadú faoi dhó i gcás sraith sáruithe, nó má dhiúltaíonn an Feisire beart arna ghlacadh faoi Riail 175(3) a chomhlíonadh.*

*6. Sa bhreis air sin, féadfaidh an tUachtarán togra a chur faoi bhráid Chomhdháil na nUachtarán chun an Feisire a chur ar fionraí ó cheann amháin nó níos mó de na hoifigí atá ag an bhFeisire sa Pharlaimint, nó an Feisire sin a chur as ceann amháin nó níos mó de na hoifigí sin, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos i Riail 21.*

An Chomhairle Eorpach

Airteagal 15(5) de TEU

*Toghfaidh an Chomhairle Eorpach a hUachtarán, trí thromlach cáilithe, go ceann téarma dhá bhliain go leith, a bheidh inathnuaite uair amháin. Mura féidir dó feidhmiú nó i gcás mí-iompar tromchúiseach, féadfaidh an Chomhairle Eorpach téarma oifige an Uachtaráin a chríochnú i gcomhréir leis an nós imeachta céanna.*

Déantar foráil maidir le rialacha breise i dtaca leis an iompar a bhfuiltear ag súil leis i gCód Iompair d'Uachtarán na Comhairle Eorpaí.

An Chomhairle

Tá Comhairle an Aontais Eorpaigh comhdhéanta d'ionadaí ó gach Ballstát ar leibhéal aireachta, a fhéadfaidh gealltanas a thabhairt thar ceann rialtas an Bhallstáit atá i gceist agus vóta an Bhallstáit sin a chaitheamh (Airteagal 16(2) CAE). Ní bhunaítear le Rialacha Nós Imeachta na Comhairle atá bunaithe ar Airteagal 240(3) CFAE aon oibleagáidí eiticiúla sonracha ar airí aonair a dhéanann ionadaíocht ar na Ballstáit sa Chomhairle. Braitheann siad, i ndáil leis sin, ar fhreagracht agus ar chinntí inmheánacha gach Ballstáit chun a áirithiú go ndéanfaidh an t-aire ainmnithe ionadaíocht cheart ar a vótaí agus ar a seasaimh sa Chomhairle agus go rannchuidíonn an duine ainmnithe le feidhmiú cuí na Comhairle agus go n-urramaíonn sé an feidhmiú sin.

An Coimisiún Eorpach

Airteagal 245 CFAE

*Staonfaidh comhaltaí an Choimisiúin ó aon ghníomh nach luíonn le cineál a bhfeidhmeanna. Urramóidh na Ballstáit a neamhspleáchas agus ní fhéachfaidh siad le tionchar a oibriú orthu i gcomhlíonadh a gcúraimí dóibh.*
*Ní cead do chomhaltaí an Choimisiúin, le linn a dtéarma oifige, gabháil le haon slí bheatha eile, sochrach ná neamhshochrach. Ar dhul i mbun a ndualgas dóibh, tabharfaidh comhaltaí na Cúirte Iniúchóirí gealltanas sollúnta go n-urramóidh siad, le linn a dtéarma oifige agus ina dhiaidh, na hoibleagáidí a leanann as a n-oifig agus go háirithe a ndualgas chun bheith ionraic stuama i dtaobh ceapacháin nó sochair áirithe a ghlacadh tar éis scor dá n-oifig dóibh. Má dhéantar aon sárú ar na hoibleagáidí sin, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais, ar iarratas ón gComhairle ag gníomhú di trí thromlach simplí nó ón gCoimisiún, a rialú, de réir na n-imthosca, go bhfuil an comhalta áirithe le scor go héigeantach i gcomhréir le forálacha Airteagal 247 nó go bhfuil a cheart chun pinsin nó chun sochar eile in ionad pinsin le baint de.*

I gCód Iompair do Chomhaltaí an Choimisiúin Eorpaigh sainítear agus soiléirítear na hoibleagáidí is infheidhme maidir le Feisirí (IO C 65, 21.2.2018, lch 7-20).

Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

Airteagal 6 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (Prótacal Uimh. 3)

*Ní fhéadfar a oifig ná a cheart chun pinsin nó sochar eile ina ionad sin a bhaint de Bhreitheamh, ach amháin más rud é, i dtuairim d'aon toil Bhreithiúna agus Abhcóidí Ginearálta na Cúirte Breithiúnais, nach bhfuil coinníollacha riachtanacha a oifige á gcomhlíonadh nó na hoibleagáidí a ghabhann léi á bhfreastal aige a thuilleadh. Ní ghlacfaidh an Breitheamh a bheidh i gceist páirt in aon phlé den sórt sin. Más comhalta den Chúirt Ghinearálta nó de chúirt speisialaithe an duine*

*lena mbaineann, tabharfaidh an Chúirt breith tar éis dul i gcomhairle leis an gcúirt lena mbaineann.*
*Cuirfidh Cláraitheoir na Cúirte breith na Cúirte in iúl d'Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus d'Uachtarán an Choimisiúin agus tabharfaidh sé fógra faoi d'Uachtarán na Comhairle.*
*I gcás breith ag baint a oifige de Bhreitheamh, beidh folúntas ar an mBinse nuair a thabharfar an fógra sin is déanaí atá luaite.*

I gCód Iompair d'Fheisirí agus d'iarChomhaltaí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, soiléirítear na hoibleagáidí ar bhealach níos mionsonraithe (IO C 397, 30.9.2021, lch. 1–8).

Cúirt Iniúchóirí an Aontais Eorpaigh

Airteagal 286(5) agus (6) CFAE

*5. Amach ó ghnáthathrú ar chomhaltaí, nó i gcás comhalta d'fháil bháis, críochnóidh feidhmeanna comhalta den Chúirt Iniúchóirí ar éirí as oifig dó nó ar é a scor go héigeantach de bhíthin rialú ón gCúirt Bhreithiúnais de bhun mhír 6.*
*6. Ní fhéadfar a oifig ná a cheart chun pinsin nó sochar eile ina ionad sin a bhaint de chomhalta den Chúirt Iniúchóirí ach amháin i gcás ina suífidh an Chúirt Bhreithiúnais, ar iarratas ón gCúirt Iniúchóirí, nach bhfuil coinníollacha riachtanacha a oifige á gcomhall ná na hoibleagáidí a ghabhann léi á bhfreastal aige a thuilleadh.*

Leagtar amach na hoibleagáidí ar bhealach níos mionsonraithe i gCód Iompair do Chomhaltaí agus d'iarFheisirí na Cúirte (IO L 128, 2.5.2022, lgh. 102–113).

An Banc Ceannais Eorpach

Airteagal 11(4) de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh (Prótacal Uimh. 4) maidir le Comhaltaí a Bhoird Feidhmiúcháin
*Mura gcomhlíonann comhalta den Bhord Feidhmiúcháin a thuilleadh na coinníollacha is gá chun a fheidhmeanna a fheidhmiú nó má bhí sé ciontach i mí-iompar tromchúiseach, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais, ar iarratas ón gComhairle Rialaithe nó ón mBord Feidhmiúcháin, é a scor go héigeantach*.

Leagtar amach i gCód Iompair d'oifigigh ardleibhéil BCE na hoibleagáidí eiticiúla is infheidhme maidir le comhaltaí na Comhairle Rialaithe agus comhaltaí an Bhoird Maoirseachta agus a bhfeidhmeanna mar chomhaltaí de chomhlacht ardleibhéil BCE á bhfeidhmiú acu, chomh maith le comhaltaí an Bhoird Feidhmiúcháin (IO C 478, 16.12.2022, lch. 3–14).

Coiste na Réigiún

Airteagal 300(4) de TFEU

*Ní bheidh comhaltaí Choiste na Réigiún faoi cheangal ag aon teagaisc shainordaitheacha. Beidh siad, chun leas ginearálta an Aontais, neamhspleách ar fad i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna*.

Leis an gCód Iompair do Chomhaltaí Choiste Eorpach na Réigiún (IO L 20, 24.1.2020, lch. 17–23), cuirtear an fhoráil sin chun feidhme tuilleadh.

Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Airteagal 300(4) de TFEU

*Ní bheidh comhaltaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa... faoi cheangal ag aon teagaisc shainordaitheacha. Beidh siad, chun leas ginearálta an Aontais, neamhspleách ar fad i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna*.

Leis na Rialacha Nós Imeachta agus an Cód Iompair do chomhaltaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (IO L 149, 31.5.2022, lch. 1–54), déantar an fhoráil sin a chur chun feidhme tuilleadh.

Dá bhrí sin, tá creat difreáilte bunaithe ag na Conarthaí maidir le hoibleagáidí aonair chomhaltaí na n-institiúidí agus maidir leis an nós imeachta atá le leanúint i gcás mí-iompair. Roghnaigh formhór na n-institiúidí an creat sin agus na hoibleagáidí aonair comhfhreagracha a chur chun feidhme ar bhealach níos mionsonraithe. Tá rialacha inmheánacha glactha ag na hinstitiúidí sin ina rialacha nós imeachta nó i gCóid Iompair dá gcomhaltaí agus is iondúil go gcuireann siad freagracht speisialta as cur i bhfeidhm na rialacha sin de chúram ar a nUachtarán faoi seach. De ghnáth, bhunaíodh siad comhlacht comhairleach inmheánach chun cabhrú le cinnteoireacht na n-institiúidí maidir le hoibleagáidí aonair uile a gcomhaltaí nó maidir le cuid díobh. Níl aon sásra ná fóram ann faoi láthair chun na bearta inmheánacha sin a phlé ná a chomhordú i measc na n-institiúidí, fiú i réimsí ina bhfuil cosúlachtaí láidre idir na hinstitiúidí agus a gcomhaltaí. Níl aon áit amháin ann ach oiread ina bhfuil na rialacha agus na bearta eiticiúla is infheidhme maidir le comhaltaí na n-institiúidí uile ar fáil go poiblí.

Leis na Treoirlínte Polaitiúla ó Uachtarán an Choimisiúin a eisíodh an 16 Iúil 2019, tacaíodh le ‘comhlacht eitice neamhspleách atá coiteann d’institiúidí uile an Aontais’ a chruthú, arb é is aidhm dó iontaoibh in institiúidí an Aontais maidir le ‘eitic, trédhearcacht agus sláine’ a áirithiú.

D’oibrigh Parlaimint na hEorpa idir 2019 agus 2021 ar thuarascáil féintionscnaimh maidir le trédhearcacht agus sláine in institiúidí AE a neartú trí chomhlacht eitice neamhspleách AE a chur ar bun. Glacadh a rún an 16 Meán Fómhair 2021. Chuir an Coimisiún freagra foirmiúil chuig an bParlaimint an 18 Feabhra 2022. Glacadh rún ina dhiaidh sin inar iarradh go mbunófaí an comhlacht eitice an 16 Feabhra 2023.

Ceadóidh Comhlacht Eitice is coiteann do gach institiúid íoschaighdeáin chomhchoiteanna a fhorbairt maidir le hiompar chomhaltaí na n-institiúidí. Tabharfaidh sé, den chéad uair riamh, deis do gach institiúid aghaidh a thabhairt ar shaincheist na gcaighdeán eiticiúil dá gcomhaltaí mar ábhar leasa choitinn idirinstitiúideach. Maidir le foireann institiúidí an Aontais Eorpaigh, tá tacar cuimsitheach rialacha agus nósanna imeachta curtha ar bun cheana féin leis na Rialacháin Foirne agus Coinníollacha Fostaíochta sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh i réimse na heitice agus na gníomhaíochta araíonachta, atá infheidhme maidir le foireann institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí uile an Aontais. Áirithítear leis sin caighdeáin agus rialacha comhionanna do státseirbhís iomlán an Aontais, caighdeáin agus rialacha a fhéadfar a shoiléiriú tuilleadh trí rialacha a chur chun feidhme arna nglacadh ag gach institiúid. Le go mbeidh trédhearcacht ann agus chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach na Rialachán Foirne a chur chun cinn, déantar na rialacha lena gcuirtear na Rialacháin Foirne chun feidhme a thiomsú i gclár atá ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus tá siad faoi réir tuarascála a chuireann an Coimisiún faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle gach trí bliana (Airteagal 110 de na Rialacháin Foirne). Tacaítear leis na hiarrachtaí sin leis na struchtúir agus leis na sásraí seanbhunaithe lena mbaintear amach cur chuige coiteann idirinstitiúideach nuair a éilíonn an t-ábhar é. Measann an Coimisiún gur cheart go scrúdódh na struchtúir agus na sásraí seanbhunaithe sin, mar ábhar tosaíochta, an deis chun dea-chleachtais, ceachtanna a foghlaimíodh agus, i gcás inar gá, réimsí a roinnt chun na rialacha maidir

leis an bhfoireann a ailíniú tuilleadh.

Tá baill foirne lasmuigh de raon feidhme an chomhaontaithe seo, ós rud é go bhfuil sásraí comhordaithe idirinstitiúideacha ann cheana féin le haghaidh ábhair eiticiúla na mball foirne. Laistigh de theorainneacha na Rialachán Foirne agus trí Choláiste na gCeann Riaracháin, ba cheart do na Páirtithe sa chomhaontú seo gealltanas a thabhairt go ndéanfaidh siad a ndícheall chun leibhéal caighdeán a bhaint amach atá coibhéiseach leis na caighdeáin arna nglacadh ag an gComhlacht a mhéid a bhaineann le hArd-Stiúrthóirí agus a gcoibhéis.

Ní ann do na sásraí idirinstitiúideacha foirmiúla ná do na caighdeáin choiteanna sin don fhoireann, áfach, do chomhaltaí na n-institiúidí, agus is anseo go beacht atá breisluach le Comhlacht Eitice lena gcumhdaítear comhaltaí institiúidí agus comhlachtaí comhairleacha uile AE.

Ba cheart go bhfanfadh na cumhachtaí cinnteoireachta maidir le rialacha inmheánacha eiticiúla gach institiúide a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm laistigh de na hinstitiúidí faoi seach. Tá cur i bhfeidhm na rialacha inmheánacha ar an bpríomhfhreagracht ar gach institiúid a fheidhmítear laistigh den chóras um chothromaíocht institiúideach lena srianta agus lena ceartúcháin arna mbunú leis na Conarthaí. Ní féidir leis na hinstitiúidí feidhmiú a gcumhachtaí faoi seach a thréigean, ar cumhachtaí iad a chuirtear de chúram orthu leis na Conarthaí. Ní féidir leo an fhreagracht as iompar a gcomhaltaí agus a saincheart chun freagairt do sháruithe ar rialacha eiticiúla ag comhaltaí aonair a tharmligean. Mar sin féin, de bhua a neamhspleáchais riaracháin, is féidir leo cinneadh a dhéanamh comhlacht comhairleach a chur ar bun agus cúnamh a chomhroinnt i leith íoschaighdeáin choiteanna a fhorbairt d'iompar eiticiúil comhaltaí aonair agus maidir le hábhair a bhaineann lena rialacha inmheánacha eiticiúla agus a nósanna imeachta eitice inmheánacha faoi seach a ullmhú maidir lena gcomhaltaí.

Ní chuirfidh bunú an Chomhlachta seo isteach ar na feidhmeanna imscrúdaitheacha ná ní chuirfidh sé teorainn leo ar bhealach ar bith agus dá bhrí sin ní bheidh forluí ann le cumhachtaí faoi seach na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, na n-údarás náisiúnta póilíneachta agus ionchúisimh agus an Ombudsman Eorpaigh.

Is Comhaontú é seo atá gan dochar do Chomhaontú Idirinstitiúideach 2021 maidir le Clár Trédhearcachta sainordaitheach arna thabhairt i gcrích idir an Pharlaimint, an Chomhairle agus an Coimisiún chomh maith le Comhaontú Idirinstitiúideach an 25 Bealtaine 1999 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún maidir le himscrúduithe inmheánacha arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise.

D'fhonn úinéireacht a chinntiú agus breisluach a sholáthar, ba cheart go mbeadh an Comhlacht seo ina struchtúr coiteann do gach institiúid agus comhlacht comhairleach a sholáthraíonn treoir agus cúnamh dóibh trí chomhairle a thabhairt maidir le nithe agus ar bhealaí a chomhaontóidh siad.

Chun a ghealltanas a chur chun feidhme chun tacú le comhlacht eitice is coiteann do na hinstitiúidí agus na comhlachtaí comhairleacha uile a chruthú, molann an Coimisiún an comhaontú seo idir na hinstitiúidí agus na comhlachtaí comhairleacha sin, a tharchuirfear chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus chuig Coiste na Réigiún. De mheon an chomhair dhílis, tá sé tábhachtach go dtiocfar ar chomhaontú idirinstitiúideach a luaithe is féidir, agus in am chun go bhféadfar an comhlacht eitice a bhunú roimh na chéad toghcháin Eorpacha eile. Arna iarraidh sin dó, féadfaidh an Banc Eorpach Infheistíochta teacht chun bheith ina pháirtí iomlán sa Chomhaontú seo freisin tar éis dó teacht i bhfeidhm. Beidh sé ina Pháirtí sa Chomhaontú seo ón dáta a ainmneoidh sé ionadaí sa Chomhlacht Eitice. Beidh feidhm iomlán maidir leis ag aon chaighdeáin a

d’fhéadfadh an Comhlacht Eitice a fhorbairt roimh bhallraíocht éifeachtach an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta.

D'fhéadfadh go roghnódh comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, seachas na hinstitiúidí rannpháirteacha, an tacar iomlán de chaighdeáin choiteanna atá ann faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo, arna bhforbairt ag an gComhlacht Eitice, a chur i bhfeidhm maidir leis na rialacha is infheidhme maidir leis na daoine, seachas a mbaill foirne, a bhfuil feidhm acu atá cosúil leis na cinn a thagann faoin gcomhaontú seo. Sa chás sin, glacfaidh siad páirt i malartú tuairimí le comhaltaí an Chomhlachta Eitice maidir lena rialacha inmheánacha faoi seach a bhaineann le réimsí inar forbraíodh caighdeáin. Ainmneoidh siad ionadaí ar mhaithe leis an malartú tuairimí áirithe sin. Déanfar an malartú céanna tuairimí nuair a fhorbrófar caighdeáin nua nó nuair a thabharfar na caighdeáin atá ann cheana cothrom le dáta.

Togra le haghaidh

**comhaontú idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle Eorpach, an Chomhairle, an Coimisiún Eorpach, Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, an Banc Ceannais Eorpach, an Chúirt Iniúchóirí, an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus Coiste na Réigiún, lena mbunaítear Comhlacht Idirinstitiúideach do Chaighdeáin Eiticiúla do Chomhaltaí na nInstitiúidí agus na gcomhlachtaí comhairleacha a luaitear in Airteagal 13 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE)**

PARLAIMINT NA hEORPA,

AN CHOMHAIRLE EORPACH,

AN CHOMHAIRLE,

AN COIMISIÚN EORPACH,

CÚIRT BHREITHIÚNAIS AN AONTAIS EORPAIGH,

AN BANC CEANNAIS EORPACH,

AN CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ,

COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA HEORPA,

AGUS COISTE EORPACH NA RÉIGIÚN

De bhrí:

(1) Is é is cuspóir don Chomhaontú seo Comhlacht Idirinstitiúideach um Chaighdeáin Eiticiúla a bhunú do chomhaltaí institiúidí agus comhlachtaí comhairleacha de chuid an Aontais a liostaítear in Airteagal 13(1) agus (4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (‘an Comhlacht’). Arna iarraidh sin dó, féadfaidh an Banc Eorpach Infheistíochta teacht chun bheith ina pháirtí iomlán sa Chomhaontú seo freisin tar éis dó teacht i bhfeidhm.

(2) Féadfaidh comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, seachas na páirtithe sa chomhaontú seo, a roghnú an tacar iomlán d’íoschaighdeáin choiteanna atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo arna bhforbairt ag an gComhlacht a chur i bhfeidhm i dtaca leis na rialacha is infheidhme maidir leis na daoine, seachas a mbaill foirne, a bhfuil feidhm acu atá cosúil leis na cinn a thagann faoin gcomhaontú seo.

(3) Níor cheart d’fheidhmiú an Chomhlachta cur isteach ar inniúlachtaí aon cheann de na páirtithe mar atá leagtha amach sna Conarthaí ná difear a dhéanamh dá gcumhachtaí faoi seach maidir le heagrúchán inmheánach ná don chóras srianta agus ceartúchán arna bhunú leis na Conarthaí. Ní chuirfidh sé isteach ach oiread ar chumhachtaí na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF) a bhfuil cumhachtaí agus saineolas suntasach aici maidir le sáruithe tromchúiseacha ar dhualgais ghairmiúla na gcomhaltaí a imscrúdú. Ba cheart do gach institiúid, comhlacht, oifig agus gníomhaireacht sainordú OLAF a aithint agus tacú leis ina iomláine.

(4) Tá éifeachtacht an Aontais ina iomláine ag brath ar a dhlisteanacht, agus braitheann dlisteanacht an Aontais ar iontaoibh a chuid saoránach. Tá an eitic, an tsláine agus an trédhearcacht bunriachtanach chun muinín shaoránaigh an Aontais a choinneáil in obair pholaitiúil, reachtach agus riaracháin institiúidí an Aontais.

(5) Tá freagracht ar leith ar chomhaltaí institiúidí agus comhlachtaí comhairleacha an Aontais na prionsabail agus na hoibleagáidí eiticiúla a leagtar amach sna Conarthaí agus sna rialacha a eascraíonn as gach institiúid a urramú agus a chorprú go hiomlán.

(6) Tá sé tábhachtach ní hamháin go ndéanfadh institiúidí agus comhlachtaí comhairleacha uile an Aontais rialacha soiléire trédhearcacha a leagan síos agus a chur i bhfeidhm ach freisin go bhfuil an tacar céanna íoschaighdeán ionracais agus neamhspleáchais acu chomh maith le sásraí chun a áirithiú go gcomhlíonfar a rialacha eiticiúla faoi seach.

(7) Dá réir sin, ba cheart gurb iad cúraimí an Chomhlachta íoschaighdeáin chomhchoiteanna a fhorbairt i líon sainithe réimsí, tuairimí a mhalartú maidir leis an bhféinmheasúnú arna dhéanamh ag institiúid nó comhlacht comhairleach maidir lena rialacha inmheánacha a ailíniú leis na caighdeáin forbartha sin agus comhar idirinstitiúideach a chothú sa réimse seo.

(8) Ba cheart feidhm a bheith ag an malartú tuairimí, bunaithe ar fhéinmheasúnú, maidir leis na comhlachtaí, na hoifigí agus na gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, seachas na páirtithe, a roghnaíonn go deonach an tacar iomlán d’íoschaighdeáin choiteanna a chur i bhfeidhm. Chuige sin, ba cheart dóibh ionadaí a ainmniú ar mhaithe le tuairimí a mhalartú.

(9) Ba cheart do gach páirtí a dhícheall a dhéanamh paireacht inscne a áirithiú agus a lánionadaithe agus a ionadaithe malartacha á gceapadh sa Chomhlacht. Ba cheart iarracht a dhéanamh cothromaíocht inscne a bhaint amach i gcomhdhéanamh foriomlán an Chomhlachta i measc a chomhaltaí (iomlána agus malartacha), lena n-áirítear a Chathaoirleach, chomh maith leis na saineolaithe neamhspleácha.

(10) Níor cheart go gcuirfeadh aon ní sa Chomhaontú seo cosc ar pháirtí ceanglais níos déine a fhorchur dá gcomhaltaí, go háirithe i bhfianaise riosca sonrach a bhaineann le sainordú agus cúraimí an pháirtí nó a chomhaltaí.

(11) Níor cheart d’aon ní sa Chomhaontú seo, in imthosca ar bith, a bheith ina fhoras chun na caighdeáin atá curtha i bhfeidhm cheana ag páirtí sna hábhair a chumhdaítear leis an gComhaontú seo a ísliú.

(12) Ba cheart do na páirtithe gníomhú i gcónaí i gcomhar dílis frithpháirteach i gcur chun feidhme an Chomhaontaithe seo.

(13) Síníonn na páirtithe an Comhaontú seo tar éis dóibh a nósanna imeachta inmheánacha faoi seach a thabhairt chun críche chun na críche sin,

TAR ÉIS A CHOMHAONTÚ MAR A LEANAS:

Airteagal 1

***Ábhar agus raon feidhme***

1. Bunaítear leis an gComhaontú seo Comhlacht Idirinstitiúideach um Chaighdeáin Eiticiúla (‘an Comhlacht’) le haghaidh chomhaltaí Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle Eorpaí, na Comhairle, an Choimisiúin Eorpaigh, Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, an Bhainc Ceannais Eorpaigh, na Cúirte Iniúchóirí, an Choiste Eacnamaíoch agus Shóisialta agus Choiste na Réigiún (‘na páirtithe’). Leagtar amach ann freisin an creat agus na prionsabail oibriúcháin a bhaineann leis.

2. Arna iarraidh sin dó, tiocfaidh an Banc Eorpach Infheistíochta freisin chun bheith ina pháirtí iomlán sa Chomhaontú seo. Gabhfaidh éifeacht lena rannpháirtíocht sa Chomhlacht amhail ón dáta a ainmneoidh sé ionadaí sa Chomhlacht, i gcomhréir le hAirteagal 3. Beidh feidhm iomlán ag aon íoschaighdeáin choiteanna a d'fhéadfadh an Comhlacht a fhorbairt roimh rannpháirtíocht éifeachtach an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta maidir leis an mBanc Eorpach Infheistíochta.

Airteagal 2

***Sainmhínithe***

1. Chun críocha an Chomhaontaithe seo, ciallaíonn 'comhaltaí na bpáirtithe':

(a) Feisirí Pharlaimint na hEorpa;

(b) Uachtarán na Comhairle Eorpaí;

(c) ionadaithe ar leibhéal aireachta an Bhallstáit a bhfuil Uachtaránacht na Comhairle aige;

(d) comhaltaí an Choimisiúin Eorpaigh;

(e) comhaltaí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh;

(f) comhaltaí na Cúirte Iniúchóirí;

(g) comhaltaí Bhord Feidhmiúcháin an Bhainc Cheannais Eorpaigh chomh maith le Comhaltaí na Comhairle Rialaithe agus an Bhoird Maoirseachta agus a bhfeidhmeanna á bhfeidhmiú acu ;

(h) comhaltaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa;

(i) comhaltaí Choiste Eorpach na Réigiún.

2. I gcás ina dtiocfaidh an Banc Eorpach Infheistíochta chun bheith ina pháirtí, i gcomhréir le hAirteagal 1(2), déanfar an sainmhíniú a leagtar síos i mír 1 den Airteagal seo a leathnú chun comhaltaí Choiste Bainistíochta an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta a chumhdach chomh maith le Comhaltaí an Bhoird Stiúrthóirí agus a bhfeidhmeanna á bhfeidhmiú acu

Airteagal 3

***Comhaltaí an Chomhlachta***

1. Déanfaidh comhalta amháin ionadaíocht ar gach páirtí sa Chomhlacht. Chuige sin, ceapfaidh gach páirtí ionadaí iomlán agus ionadaí malartach a shuífidh mar chomhalta den Chomhlacht nuair a bheidh an t-ionadaí iomlán as láthair nó nuair a chuirfear bac air. Ceapfar na hionadaithe iomlána agus malartacha ar a mhéad dhá mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe. Féachfaidh gach páirtí le paireacht inscne a áirithiú agus a lánionadaithe agus a ionadaithe malartacha á gceapadh aige.

2. Is ar leibhéal Leas-Uachtaráin nó ar leibhéal coibhéiseach a bheidh lánionadaí an Chomhlachta, i bprionsabal.

3. Beidh lánrogha ag gach páirtí leanúint lena ionadaí iomlán nó ionadaí malartach a ionadú, agus iarracht á déanamh i gcónaí cothromaíocht inscne a áirithiú i measc na n-ionadaithe iomlána agus malartacha. In aon chás, tiocfaidh deireadh go huathoibríoch le téarma an ionadaí iomláin nó an ionadaí mhalartaigh:

   (a) nuair a scoirfidh an t-ionadaí d'oifig a shealbhú san institiúid nó sa chomhlacht comhairleach de chuid an Aontais a ndéanann sé ionadaíocht air;
   (b) in aon chás, cúig bliana tar éis an chéad ainmniúcháin mar ionadaí iomlán nó malartach.

Airteagal 4

***Cathaoirleach***

1. Beidh gach páirtí ina chathaoirleach ar an gComhlacht ar bhonn uainíochta ar feadh téarma bliana. Déanfar an uainíocht de réir ord na n-institiúidí a leagtar síos in Airteagal 13(1) den Chonradh. A luaithe a bheidh an liosta in Airteagal 13(1) den Chonradh ídithe, leanfaidh an uainíocht ar aghaidh leis an dá chomhlacht chomhairleacha dá dtagraítear in Airteagal 13(4) den Chonradh. Leanfaidh sé ansin leis an mBanc Eorpach Infheistíochta má thagann sé chun bheith ina pháirtí i gcomhréir le hAirteagal 1(2).

2. Eagróidh an Cathaoirleach obair an Chomhlachta, á áirithiú go ndéanfar na bearta eagraíochtúla agus nós imeachta iomchuí agus tabharfaidh an fhaisnéis agus na doiciméid uile is gá chun aird chomhaltaí uile an Chomhlachta.

Airteagal 5

***Na saineolaithe neamhspleácha***

1. Tabharfaidh cúigear saineolaithe neamhspleácha cúnamh don Chomhlacht a fhreastalóidh ar chruinnithe uile an Chomhlachta mar bhreathnóirí agus tabharfaidh siad comhairle do chomhaltaí an Chomhlachta maidir le haon cheist eiticiúil a bhaineann le sainordú an Chomhlachta.

2. Ceapfaidh na páirtithe na saineolaithe neamhspleácha de thoil a chéile agus aird á tabhairt ar a n-inniúlacht, a dtaithí, a neamhspleáchas agus a gcáilíochtaí gairmiúla. Beidh taifead gan locht acu i dtaobh iompar gairmiúil chomh maith le taithí ar fheidhmeanna ardleibhéil in eagraíochtaí poiblí Eorpacha, náisiúnta nó idirnáisiúnta. Ceapfar iad, tar éis nós imeachta a bhunóidh an Coimisiún, trí mhí ar a dhéanaí tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.
3. Síneoidh na saineolaithe neamhspleácha dearbhú nach ann do choinbhleachtaí leasa. Má shainaithníonn an t-údarás atá údaraithe chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích coinbhleacht leasa, iarrfaidh sé tuairim an Chomhlachta.

4. Agus na saineolaithe neamhspleácha á gceapadh acu, déanfaidh na páirtithe a ndícheall cothromaíocht inscne a áirithiú .

5. Trí bliana a bheidh i dtéarma na saineolaithe neamhspleácha, agus féadfar é a athnuachan aon uair amháin. Má scoireann saineolaí neamhspleách dá oifig roimh dheireadh an téarma trí bliana, ceapfaidh na páirtithe de thoil a chéile comhalta nua go ceann trí bliana.

6. Gheobhaidh na saineolaithe neamhspleácha an stádas mar Chomhairleoir Speisialta ón gCoimisiún agus beidh siad ceangailte leis an gCoimisiún ó thaobh riaracháin. Déanfar na speansais taistil agus chóiríochta a thabhaíonn siad agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu a aisíoc leo. Gheobhaidh siad liúntas *per diem in* aghaidh an lae oibre arna ríomh ar bhonn luach saothair oifigigh de chuid an Aontais de ghrád AD12.

Airteagal 6

***Sainordú***

1. Rannchuideoidh an Comhlacht le cultúr coiteann eitice agus trédhearcachta a chur chun cinn i measc na bpáirtithe, go háirithe tríd íoschaighdeáin choiteanna a fhorbairt do na páirtithe d'iompar a gcomhaltaí ('na caighdeáin') agus trí mhalartú dea-chleachtas ar an ábhar a chothú.

2. Is iad seo a leanas cúraimí an Chomhlachta:

   (a) caighdeáin a fhorbairt le haghaidh iompar chomhaltaí na bpáirtithe, sna réimsí dá dtagraítear in Airteagal 7;

   (b) na caighdeáin a thabhairt cothrom le dáta, i gcomhréir le hAirteagal 8;

   (c) tuairimí a mhalartú ar bhonn an mheasúnaithe arna dhéanamh ag gach páirtí nó ag comhlacht, oifig nó gníomhaireacht de chuid an Aontais atá rannpháirteach go deonach ar ailíniú a rialacha inmheánacha féin leis na caighdeáin, i gcomhréir le hAirteagal 9 agus le hAirteagal 19 faoi seach;

   (d) comhar a chur chun cinn i measc na bpáirtithe maidir le saincheisteanna leasa choitinn a bhaineann lena rialacha inmheánacha maidir le hiompar a gcomhaltaí chomh maith le malartuithe le haon eagraíocht Eorpach, náisiúnta nó idirnáisiúnta eile a bhfuil a cuid oibre ábhartha chun na caighdeáin a leagan síos;

   (e) tuarascáil bhliantúil a eisiúint, i gcomhréir le hAirteagal 17.

3. Ní chuirfidh feidhmiú an Chomhlachta isteach ar inniúlachtaí na bpáirtithe ná ní dhéanfaidh sé difear dá gcumhachtaí eagrúcháin inmheánaigh faoi seach. Go háirithe, ní bheidh an Comhlacht inniúil maidir le rialacha inmheánacha páirtí a chur i bhfeidhm ar chásanna aonair.

Airteagal 7

***Íoschaighdeáin chomhchoiteanna a fhorbairt***

1. Forbróidh an Comhlacht caighdeáin maidir le hiompar chomhaltaí na bpáirtithe go léir. Forbrófar na caighdeáin laistigh de chreat na n-oibleagáidí a fhorchuirtear ar chomhaltaí na bpáirtithe leis na Conarthaí agus tabharfaidh siad aird ar chineál a sainordaithe nó a n-oifige poiblí maille le saintréithe gach páirtí. Ní dhéanfaidh na caighdeáin difear don chóras srianta agus ceartúchán arna bhunú leis na Conarthaí.

2. Bainfidh na caighdeáin leis na nithe seo a leanas:

(a) leasanna agus sócmhainní atá le dearbhú ag comhaltaí na bpáirtithe;

(b) gníomhaíochtaí seachtracha chomhaltaí na bpáirtithe le linn a dtéarmaí oifige;

(c) glacadh le bronntanais, fáilteachas, taisteal a thairgeann tríú páirtithe do chomhaltaí na bpáirtithe le linn a dtéarmaí oifige;

(d) glacadh le dámhachtainí, maisiúcháin, duaiseanna agus onóracha ag comhaltaí na bpáirtithe le linn a dtéarmaí oifige;

(e) gníomhaíochtaí chomhaltaí na bpáirtithe tar éis dheireadh a dtéarmaí oifige;

(f) bearta coinníollachta agus comhlántacha trédhearcachta de réir bhrí agus raon feidhme Chomhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], go háirithe a mhéid a bhaineann le cruinnithe chomhaltaí na bpáirtithe le hionadaithe leasa mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (a), den Chomhaontú sin.

3. Déanfaidh an Comhlacht íoschaighdeáin chomhchoiteanna a fhorbairt freisin maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) nósanna imeachta ginearálta arna mbunú ag na páirtithe chun comhlíonadh a rialacha inmheánacha a áirithiú agus faireachán a dhéanamh orthu sna réimsí dá dtagraítear i mír 2 , lena n-áirítear gníomhaíochtaí múscailte feasachta, comhdhéanamh agus cúraimí comhlachtaí inmheánacha maidir le ceisteanna eiticiúla, sásraí tuairiscithe don pháirtí lena mbaineann i gcás amhras faoi shárú rialacha, lena n-áirítear gníomhaíocht leantach maidir leis an tuarascáil agus cosaint na ndaoine a dhéanann tuairisciú i gcoinne frithbhirt, lena n-áirítear maidir le cásanna ciaptha a bhaineann le comhaltaí na bpáirtithe, agus nósanna imeachta chun smachtbhannaí a thionscnamh nó a ghlacadh i gcás sáruithe.

(b) ceanglais maidir le faisnéis a bhailítear sna réimsí dá dtagraítear i mír 2 a phoibliú.

4. Is féidir íoschaighdeáin choiteanna bhreise i réimsí eile seachas na cinn a liostaítear faoi mhír 2 agus faoi mhír 3 a fhorbairt má chomhaontaíonn na páirtithe uile.

5. Comhaontóidh comhaltaí an Chomhlachta na caighdeáin de chomhthoil de mheon an chomhair dhílis.

[1] IO L 207, 11.6.2021, lch. 1.

6. Comhaontóidh comhaltaí an Chomhlachta na caighdeáin laistigh de shé mhí tar éis cheapadh na gcomhaltaí agus na saineolaithe neamhspleácha, de réir Airteagail 3 (1) agus 5 (2), agus tar éis cinneadh a dhéanamh maidir le caighdeáin nua a fhorbairt faoi mhír (4).

7. Déanfar na caighdeáin a chur ar bhonn foirmiúil i scríbhinn, agus neamhspleáchas gach páirtí á chur san áireamh go cuí, cuirfear in iúl iad do na páirtithe uile. Geallann na páirtithe go gcuirfidh siad chun feidhme iad ina rialacha inmheánacha maidir le hiompar a gcomhaltaí. Poibleofar na caighdeáin ar shuíomh gréasáin an Chomhlachta dá dtagraítear in Airteagal 18.

Airteagal 8

***Na híoschaighdeáin choiteanna a thabhairt cothrom le dáta***

1. Déanfaidh an Comhlacht measúnú ar an ngá atá le caighdeáin atá ann cheana a thabhairt cothrom le dáta i gcás go measfaidh comhalta amháin nó níos mó den Chomhlacht gur gá athbhreithniú den sórt sin a dhéanamh.

2. Féadfar a mheas go bhfuil gá le hathbhreithniú go háirithe i ngeall ar fhorbairtí i gcásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, i ngeall ar chaighdeáin eiticiúla nua nó mhodhnaithe ag eagraíochtaí idirnáisiúnta, i ngeall ar fhorbairtí teicniúla nua nó i ngeall ar an ngá atá le soiléiriú ar na caighdeáin atá ann cheana mar thoradh ar shaincheisteanna athfhillteacha.

3. Beidh feidhm ag Airteagal 7 (5) agus (7) maidir le caighdeáin atá ann cheana a thabhairt cothrom le dáta.

Airteagal 9

***Malartú tuairimí maidir le féinmheasúnuithe na bpáirtithe***

1. Déanfaidh gach páirtí féinmheasúnú i scríbhinn ar a rialacha inmheánacha agus ar a ailíniú leis na caighdeáin a forbraíodh i gcomhréir le hAirteagal 7, agus le haon nuashonrú a dhéanfar ar na caighdeáin atá ann cheana i gcomhréir le hAirteagal 8.

2. Cuirfidh gach páirtí an féinmheasúnú i gcrích laistigh de cheithre mhí ar a mhéad tar éis caighdeán a ghlacadh nó a thabhairt cothrom le dáta.

3. Déanfaidh an páirtí lena mbaineann an féinmheasúnú a thíolacadh ar chruinniú den Chomhlacht.

4. Bunóidh na saineolaithe neamhspleácha tuairim i scríbhinn maidir le gach féinmheasúnú, laistigh de dhá mhí tar éis é a fháil. I gcás nach nglacfar tuairim na saineolaithe d’aon toil, áireofar sa tuairim aon tuairim easaontach. Beidh plé na saineolaithe faoi rún.

5. Laistigh de dhá mhí ón tuairim i scríbhinn dá dtagraítear i mír 4 a fháil, tionólfaidh an Comhlacht malartú tuairimí, bunaithe ar an bhféinmheasúnú agus ar an tuairim i scríbhinn.

6. Ullmhóidh an Rúnaíocht tuarascáil ina dtabharfar achoimre ar an malartú tuairimí dá dtagraítear i mír 5 agus ina mbeidh na barúlacha deiridh. Féadfaidh an Comhlacht an tuarascáil a leasú sula ndéanfar í a fhormhuiniú. Formhuineoidh sé an tuarascáil de chomhthoil laistigh den dá mhí dá dtagraítear i mír 5. Beidh tuairim na saineolaithe neamhspleácha mar chuid den tuarascáil.

7. Déanfaidh gach páirtí a rialacha inmheánacha a nuashonrú tráth ar bith tar éis don Chomhlacht na caighdeáin a ghlacadh agus tráth nach déanaí ná ceithre mhí tar éis don Chomhlacht an tuarascáil a fhormhuiniú.

8. Ní bheidh aon éifeacht cheangailteach ná dhlíthiúil ag an malartú tuairimí dá dtagraítear i mír 5 ná ag an tuarascáil dá dtagraítear i mír 6.

9. Poibleofar an féinmheasúnú dá dtagraítear i mír 1 agus an tuarascáil dá dtagraítear i mír 6 i gcomhréir le hAirteagal 18.

Airteagal 10

***Malartú dea-chleachtas***

1. Tionólfaidh an Comhlacht cruinniú bliantúil a bheidh dírithe go sonrach ar nithe leasa choitinn i réimse na heitice agus ar mhalartú dea-chleachtas idir na páirtithe.

2. Féadfaidh an Comhlacht cuireadh a thabhairt chuig an gcruinniú dá dtagraítear i mír 1 d'ionadaithe ó aon eagraíocht phoiblí náisiúnta, Eorpach nó idirnáisiúnta eile a mheastar a gcuid oibre a bheith iomchuí chun na caighdeáin a leagan síos.

Airteagal 11

***Cruinnithe***

1. Is é an Cathaoirleach a dhéanfaidh na cruinnithe a chomóradh.

2. De bhreis ar na cruinnithe dá dtagraítear in Airteagail 7 go 10, féadfaidh an Cathaoirleach, ar a thionscnamh nó ar a tionscnamh féin nó ar iarraidh ó aon pháirtí agus laistigh de mhí amháin tar éis dó an iarraidh sin a fháil, cruinnithe breise a chomóradh chun ábhair leasa choitinn a phlé.

Airteagal 12

***Nós imeachta maidir le coinbhleachtaí leasa***

1. Dearbhóidh comhaltaí an Chomhlachta agus saineolaithe neamhspleácha go pras don Chathaoirleach in imthosca ar bith a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh dá neamhspleáchas nó dá neamhchlaontacht nó a bhféadfaí a mheas go gcuireann sé isteach ar a neamhspleáchas nó ar a neamhchlaontacht agus a gcúraimí á gcomhlíonadh acu sa Chomhlacht.

2. I gcás ina ndéanfar dearbhú i gcomhréir le mír 1:

(a) cuirfear a mhalartach in ionad an chomhalta lena mbaineann fad nach féidir leis an gcomhalta páirt a ghlacadh in obair an Chomhlachta. I gcás inarb é an Cathaoirleach a dhéanfaidh an dearbhú, cuirfear an comhalta a dhéanann ionadaíocht ar an institiúid ag an am sin a mbeidh an chéad Chathaoirleacht eile aige nó aici de réir na huainíochta a shainítear in Airteagal 4(1) ina ionad nó ina hionad go sealadach;

(b) staonfaidh an saineolaí neamhspleách lena mbaineann ó pháirt a ghlacadh sna malartuithe leis na saineolaithe eile fad a mhairfidh an staid choinbhleachta.

Airteagal 13

***Rialacha Nós Imeachta***

1. Glacfaidh an Comhlacht a Rialacha Nós Imeachta, a bheidh poiblí, laistigh de thrí mhí tar éis cheapadh na gcomhaltaí agus na saineolaithe neamhspleácha.

2. Sonrófar sna Rialacha Nós Imeachta na socruithe is gá chun a áirithiú go mbeidh cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo éifeachtach.

Airteagal 14

***Aisíocaíocht ar speansais***

Déanfaidh an páirtí lena mbaineann comhalta aon speansais a thabhóidh an comhalta i dtaca lena ndualgais sa Chomhlacht a chumhdach.

Airteagal 15

***Rúnaíocht***

1. Beidh an Rúnaíocht ina struchtúr comhpháirteach oibríochtúil arna bhunú chun feidhmiú an Chomhlachta a bhainistiú. Beidh sé comhdhéanta de na cinn aonaid, nó dá gcoibhéis, atá freagrach as na rialacha eitice do chomhaltaí i ngach páirtí (‘cinn aonaid’) agus dá bhfoireann faoi seach.

2. Déanfar an Rúnaíocht a óstáil go foirmiúil sa Choimisiún agus oibreoidh sí faoi chomhordú an chinn aonaid atá freagrach, laistigh den Choimisiún, as na rialacha eitice do chomhaltaí an Choimisiúin, nó oifigeach atá ainmnithe go sonrach chun na críche sin ag an gCoimisiún i gcomhaontú leis na páirtithe eile (an “comhordaitheoir”). Déanfaidh an comhordaitheoir ionadaíocht thar ceann na Rúnaíochta agus déanfaidh sé maoirseacht ar a cuid oibre ó lá go lá, ar mhaithe le leas coiteann na bpáirtithe.

3. Déanfaidh an Rúnaíocht an méid seo a leanas:

(a) tuairisciú don Chomhlacht, a chruinnithe a ullmhú, cúnamh oibríochtúil a chur ar fáil ina chúraimí agus an tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 9(6) a ullmhú;

(b) an dréacht-tuarascáil bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 17 a ullmhú;

(c) aon ghníomhaíochtaí eile is gá a dhéanamh chun an Comhaontú seo a chur chun feidhme go héifeachtach;

(d) gach comhfhreagras isteach agus amach leis an gComhlacht a threorú chuig a Chathaoirleach agus/nó chuig an bpáirtí lena mbaineann an comhfhreagras.

Airteagal 16

***Acmhainní***

1. Geallfaidh na páirtithe trí mheabhrán tuisceana idir a nArd-Rúnaithe, nó sealbhóirí oifig atá coibhéiseach, go gcomhaontófar é laistigh de thrí mhí tar éis na comhaltaí agus na saineolaithe neamhspleácha a cheapadh, na hacmhainní daonna, riaracháin, teicniúla agus airgeadais is gá a chur ar fáil, lena n-áirítear foireann leordhóthanach don Rúnaíocht, chun cur chun feidhme éifeachtach an Chomhaontaithe seo a áirithiú.

2. Déanfaidh na páirtithe na costais a bhaineann leis na saineolaithe neamhspleácha dá dtagraítear in Airteagal 5 a roinnt go cothrom. Soláthróidh siad cúiteamh airgeadais bliantúil don Choimisiún ag tús na bliana airgeadais.

3. Déanfar aon iarraidh ón gComhlacht a éilíonn caiteachas riaracháin breise de chineál eisceachtúil a dhíriú chuig na páirtithe a dhéanfaidh iarrataí buiséadacha ón gComhlacht a athbhreithniú agus a fhormheas ar bhonn bliantúil i gcomhréir lena rialacha agus lena nósanna imeachta inmheánacha faoi seach.

Airteagal 17

***Tuarascáil bhliantúil***

1. Glacfaidh an Comhlacht, de chomhthoil, tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí an Chomhlachta le linn na bliana roimhe sin, tar éis plé a dhéanamh ag an gcruinniú dá dtagraítear in Airteagal 10.

2. Poibleofar an tuarascáil bhliantúil ar shuíomh gréasáin an Chomhlachta.

Airteagal 18

***Suíomh Gréasáin***

1. Bainisteoidh an Comhlacht suíomh gréasáin ina mbeidh an fhaisnéis go léir is iomchuí maidir lena ghníomhaíochtaí ar fáil go poiblí.

2. Beidh an méid seo a leanas, go háirithe, ar an suíomh gréasáin:

(a) comhdhéanamh an Chomhlachta, féilire a chruinnithe agus cláir oibre na gcruinnithe;
(b) na caighdeáin arna bhforbairt i gcomhréir le hAirteagal 7 agus, i gcás inarb infheidhme, arna dtabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le hAirteagal 8;
(c) na féinmheasúnuithe agus na tuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 9(1) agus (6);
(d) rialacha infheidhme uile na bpáirtithe uile sna réimsí a chumhdaítear leis na caighdeáin.

Beidh an fhaisnéis chéanna ann freisin do rannpháirtithe deonacha eile faoi Airteagal 19.

Airteagal 19

**Rannpháirtíocht dheonach chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais, seachas na páirtithe**

1. Féadfaidh comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais , seachas na páirtithe, fógra a thabhairt don Chomhlacht gur mian leo dá ndeoin féin an tacar iomlán de rialacha reatha agus sa todhchaí a chur i bhfeidhm maidir leis na rialacha is infheidhme maidir leis na daoine, seachas a mbaill foirne, a bhfuil feidhm acu atá cosúil leis na cinn a thagann faoi Airteagal 2.

2. Iarrfaidh an Comhlacht ar an gcomhlacht, ar an oifig agus ar an ngníomhaireacht de chuid an Aontais lena mbaineann féinmheasúnú i scríbhinn a dhéanamh ar a rialacha inmheánacha agus iad a ailíniú leis na caighdeáin agus ionadaí a ainmniú chun páirt a ghlacadh i malartú tuairimí le comhaltaí an Chomhlachta. Beidh feidhm ag Airteagal 9 (3) go (9) dá réir sin.

3. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag mír 2 nuair a dhéanfaidh an Comhlacht caighdeáin nua a fhorbairt nó caighdeáin atá ann cheana a thabhairt cothrom le dáta.

Airteagal 20

***Athbhreithniú***

Déanfaidh na páirtithe measúnú ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe dhá bhliain tar éis dó teacht i bhfeidhm, agus go rialta ina dhiaidh sin, d'fhonn, más cuí, feidhmiú an Chomhlachta a fheabhsú agus a threisiú nó an Comhaontú a athbhreithniú.

Airteagal 21

**Forálacha deiridh**

1. Beidh an Comhaontú seo ceangailteach ar na páirtithe. *Tiocfaidh sé i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

2. Gníomhóidh na páirtithe i gcomhar dílis frithpháirteach i gcur chun feidhme an Chomhaontaithe seo.

Arna dhéanamh in (an Bhruiséil), [dáta]

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
...

*Thar ceann na Comhairle Eorpaí*
...

*Thar ceann na Comhairle*
...

*Thar ceann an Choimisiúin Eorpaigh*
...

*Thar ceann Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh*
....

*Thar ceann an Bhainc Cheannais Eorpaigh*
....

*Thar ceann na Cúirte Iniúchóirí*
....
*Thar ceann an Choiste Eacnamaíoch agus Shóisialta*
...
*Thar ceann Choiste na Réigiún*
...